gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Polasaí maidir le Measúnuithe i gCláir Chúram agus Foghlaim na Luath-Óige

Rialú Doiciméad	
Uimh. Thag an Doiciméid:	AELC 02/2023 V1.1
Arna ullmhú ag	GRETB
Arna ghlacadh ag	Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóirí
Freagracht as Feidhmiú	Bainisteoirí Ionaid
Freagracht as Athbhreithniú	Aonad Tacaíochta agus Forbartha FET
Tréimhse Athbhreithnithe	Beidh an polasaí seo faoi réir a athbhreithnithe gach 2 bhliain de réir riachtanais na heagraíochta agus/nó nuair is gá é sin a dhéanamh
Suíomh Foinse	Polasaithe GRETB Connects
Suíomh Foilsithe	Polasaithe FET
Doiciméid Eile á dTagraítear dóibh	Tuairisceoir Cláir don Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige Tuairisceoirí Cineál Dámhachtana Gairmiúla ag Leibhéil 5 -8 NFQ: Anótáilte do Dhámhachtainí QQI Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC), QQI, 2019 Polasaithe agus critéir chun críche cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú (2017), QQI

Rialú Leagain			
Uimhir an Leagain	**Dáta Athbhreithnithe**	**Dáta Glactha**	**Faisnéis nuashonraithe**
v1.0	02.12.2021		An chéad leagan foilsithe
v1.1	02.12.2022	28.03.2023	An dara leagan foilsithe

1. Cuspóir

Is é cuspóir an doiciméid seo cuntas gairid a thabhairt ar pholasaí Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) maidir leis na measúnuithe sin a dtugann foghlaimeoirí fúthu, ar foghlaimeoirí iad atá ag gabháil do Theastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, agus don Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 6).

2. Scóip

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i gcomhthéacs sheachadadh Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, agus an tArdteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 6) sa GRETB.

3. Sainmhínithe

Spriocdhátaí measúnaithe: Is ionann spriocdhátaí measúnaithe agus na dátaí a leagtar amach roimh an measúnú agus a chloíonn leis an bplean measúnaithe don chlár nó don mhodúl. Ní mór foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi spriocdhátaí measúnaithe lena n-áirítear na dátaí a bhfuil fianaise measúnaithe le leagan isteach mar aon le dátaí measúnaithe praiticiúla.

Measúnú san Ionad:	Déantar measúnú san Ionad i gcás na teicnící measúnaithe seo a leanas: measúnú leanúnach, scrúdú, tionscadal, léiriú scileanna.
Dréacht:	Leagan luath d'obair mheasúnaithe ar féidir é a thaispeáint don mheasúnóir mar chuid den mheasúnú foirmitheach.
Aiseolas:	Is ionann aiseolas agus faisnéis a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun críocha measúnuithe foirmitheacha agus suimitheacha.
Measúnú foirmitheach:	Soláthraíonn measúnú foirmitheach aiseolas ar obair an fhoghlaimeora agus tugann sé bonn faisnéise don fhoghlaimeoir faoin gcaoi feabhas a chur lena chuid foghlama; is gnách go ndéantar é sula leagtar isteach obair measúnaithe go foirmiúil. Cuirtear an bhéim sa mheasúnú foirmitheach ar spreagadh a thabhairt do na foghlaimeoirí teacht ar thuiscint níos fearr faoina láidreachtaí agus a laigí féin, agus faoina bearnaí ina gcuid eolais.
Athmheasúnú:	An deis scrúdú nó léiriú scileanna coibhéiseach a dhéanamh tar éis don fhoghlaimeoir measúnú (suimitheach) a bheith déanta cheana agus gan toradh rathúil a bheith faighte.
Leagan Isteach:	Aon obair a leagann an foghlaimeoir isteach ar, nó roimh, an spriocdháta do mheasúnú chun críche measúnú suimitheach.
Measúnú suimitheach:	An measúnú a dhéantar ar obair a leagtar isteach féachaint an bhfuil torthaí foghlama sonraithe bainte amach.

Measúnú Obair-bhunaithe:Déantar foghlaimeoirí a mheas ar na hinniúlachtaí gairmiúla a léiríonn siad agus iad ar shocrúchán cleachtais ghairmiúil.

3.1 Acrainmneacha arna nÚsáid sa Pholasaí seo

EA: Fíordheimhniú Seachtrach

ELC: Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

GRETB: Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

IV: Fíorú Inmheánach

NFQ: Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

PATD: Tuairisceoirí Cineál Dámhachtana Gairmiúla

QQI: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

RAP: Painéal Faofa Torthaí

4. Ráiteas Polasaí

Tá Torthaí Íosta Foghlama atá Beartaithe don Chlár (MIPLOnna) don chlár ina iomláine aitheanta ag na cláir Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, agus Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, ar torthaí iad sin atá ag teacht leis na caighdeáin atá sonraithe sna Tuairisceoirí Cineál Dámhachtana Gairmiúla ag Leibhéil 5 -8 NFQ: Anótáilte do Dhámhachtainí Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige an QQI (ELC). (PATD do ELC) arna fhoilsiú ag QQI in 2019.
Tá na MIPLOnna mapáilte go minic thar thascanna measúnaithe éagsúla an chláir. Sa chás go n-éiríonn le foghlaimeoirí gach MIPLO a bhaineann le gach céim a bhaint amach, beidh caighdeáin bainte amach acu atá comhsheasmhach leis na caighdeáin sin sa chéim chomhfhreagrach den PATD don ELC, mar atá éilithe ag *Policies and criteria for the validation of programmes of education and training* de chuid QQI. Mar sin beidh an clár críochnaithe go rathúil acu agus féadfaidh siad teastasú a iarraidh.

5. Róil agus Freagrachtaí

Cinnteoidh gach Ionad Breisoideachais agus Oiliúna (FET)/Bainisteoir cláir go gcuirfear gach foghlaimeoir, idir fhoghlaimeoirí féideartha agus fhoghlaimeoirí cláraithe, ar an eolas faoi mheasúnuithe.

5.1 Meicníochtaí Forfheidhmithe

Sa chás go dtagann aon athrú ar riachtanais reachtúla nó ar ábhar an chúrsa, nó go bhforbrófar cúrsaí nua nó go ndéantar athruithe ar leagan amach cúrsaí reatha, cuirfear na sonraí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin GRETB agus ina chuid faisnéise clóite. Beidh an teanga a úsáidfear, agus na modhanna a úsáidfear chun faisnéis a chur in iúl, i gcomhréir le ceanglais na ngeallsealbhóirí.

6. Measúnuithe i gCúram agus Foghlaim na Luath-Óige

- Táthar ag súil go mbainfidh gach foghlaimeoir amach na Torthaí Íosta Foghlama atá Beartaithe don Chlár (MIPLOnna) le go gcríochnóidh siad go rathúil na cláir Teastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 5), agus Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 6) (dá dtagraítear dóibh ina dhiaidh seo mar chláir ELC).
- Chun a chinntiú go bhfuil gach MIPLO bainte amach go rathúil sna cláir ELC, ní mór d'fhoghlaimeoirí gach tasc measúnaithe a thugann siad faoi mar chuid dá gcuid staidéir a chríochnú.
- Ní mór d'fhoghlaimeoirí scór íosta carnach de 50% a bhaint amach i modúl cláir ar leith le go measfar iad a bheith rathúil don mhodúl iomlán.
- Ní mór deis a thabhairt do gach foghlaimeoir nár éirigh leo na tascanna measúnaithe a chríochnú go rathúil na tascanna sin a dhéanamh an athuair, bunaithe ar na critéir arna liostú thíos.
- Fíordheimhneofar gach measúnú de réir polasaithe agus nósanna imeachta um Fhíorú Inmheánach (IV) an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, chomh maith lena pholasaithe agus nósanna imeachta um Fhíordheimhniú Seachtrach (EA), agus déanfar an Painéal Faofa Torthaí (RAP) ábhartha iad a fhaomhadh.

- Ní mór do sholáthraí a bheith sásta go bhfuil gach ceann de na MIPLOnna bainte amach ag an bhfoghlaimeoir sula n-iarrfar teastasú dóibh. Ba cheart é seo a dheimhniú ag cruinniú an Phainéil Faofa Torthaí.

7. Measúnú agus Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil

- Beifear ag súil go ndéanfaidh gach foghlaimeoir roinnt measúnuithe obair-bhunaithe, áit a mbeidh deis acu a n-inniúlachtaí gairmiúla a léiriú agus iad ar shocrúcháin cleachtais ghairmiúil. Tá cur síos orthu sin sna tuairisceoirí modúil cláir ábhartha agus sa Lámhleabhar Socrúcháin Cleachtais Ghairmiúil.
- Déanfaidh maoirseoir agus monatóir an tsocrúcháin cleachtais ghairmiúil an measúnú obair-bhunaithe a mheas mar 'Inniúil' nó 'Gan a bheith inniúil go fóill'. Sa chás go meastar go bhfuil an foghlaimeoir 'Inniúil', bronnfar na marcanna iomlána atá leithdháilte (40%) orthu. Sa chás go meastar an foghlaimeoir 'Gan a bheith inniúil go fóill', ní fhaigheann siad marc ar bith (0%). Tá sonraí iomlána maidir le measúnuithe obair-bhunaithe, agus na nósanna imeachta chun na measúnuithe sin a mharcáil ar fáil sa Lámhleabhar Socrúcháin Cleachtais Ghairmiúil.
- **Tabhair faoi deara:** Maidir leis na foghlaimeoirí siúd **nach** bhfuil na 150 uair an chloig in aghaidh na céime atá sonraithe caite acu ar shocrúchán cleachtais ghairmiúil, ní bheidh coinníollacha speisialta bailíochtaithe an PATD comhlíonta acu agus ní féidir, ar an ábhar sin, iarratas a dhéanamh ar theastasú ina gcás siúd. Sa chás seo, ní mór don mheasúnóir an Fhoirm do Ghrád Leasaithe a chomhlánú le go dtabharfaí an marc carnach don mhodúl go 49%.

8. Na critéir atá i bhfeidhm ar chláir ELC chun measúnuithe a dhéanamh an athuair

Chun a bheith rathúil i modúl:

- Ní mór marc iomlán carnach 50% ar a laghad a bheith gnóthaithe as **gach** tasc measúnaithe in aghaidh an mhodúil le go n-éireoidh le foghlaimeoirí sa mhodúl.

- Sa chás go bhfuil íosmhéid de 50% bainte amach ag an bhfoghlaimeoir i modúl ach nach bhfuil 50% (an pasmharc) bainte amach acu i dtasc measúnaithe aonair ar leith, ní mór dó/di a bheith in ann a léiriú go bhfuil na MIPLOnna a luaitear go príomha leis an modúl seo bainte amach acu.

- Deimhneoidh an measúnóir go bhfuil na MIPLOnna a bhaineann go príomha le tascanna measúnaithe an mhodúil bainte amach. Féach an fhoirm dheimhnithe ar chúl na dtuairisceoirí modúil.

- I gcás nach bhfuil pas faighte ag foghlaimeoirí i modúl mar a luadh thuas, ní mór an deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí aon tasc measúnaithe a reáchtáladh san ionad agus nár éirigh leo é a fháil a dhéanamh an athuair nó a chur isteach an athuair, in aon cheann de na modúil chláir a bhí á dhéanamh acu. Féach aguisín 1 chun treoir a fháil maidir le cásanna féideartha i gcás measúnú atá le déanamh an athuair/le cur isteach an athuair.

- Tabharfar deis do na foghlaimeoirí tasc measúnaithe a dhéanamh an athuair faoi dhó (i.e. tabhairt faoin measúnú trí uair san iomlán)

- Nuair is féidir, ba chóir an deis an measúnú a dhéanamh an athuair a chur ar fáil don fhoghlaimeoir a luaithe is féidir.

- I gcás nár éirigh leis an bhfoghlaimeoir i dtasc measúnaithe i dtreo dheireadh an chúrsa, agus gan dóthain ama a bheith fágtha chun tabhairt faoin tasc measúnaithe an athuair, ní mór deis a thabhairt don fhoghlaimeoir an tasc a dhéanamh an athuair an chéad uair eile a mbeidh deis an measúnú a reáchtáil, ag brath ar pholasaí an ionaid/an choláiste aonair.

- Sa chás nár éirigh le foghlaimeoir i dtasc nó i dtascanna measúnaithe ag céim 1/leibhéal 5 den chlár agus go bhfuil siad ag súil le dul ar aghaidh go céim 2/leibhéal 6 den chlár, ní mór an deis a thabhairt dóibh an tasc/na tascanna sin a dhéanamh an athuair.

  TABHAIR FAOI DEARA: Ní féidir le foghlaimeoir céim 2/leibhéal 6 den chlár a chríochnú go rathúil go dtí go mbeidh gach MIPLO a bhaineann le céim 1/leibhéal 5 bainte amach acu. Fágann sé sin nach mór dóibh grád carnach de 50%, ar a laghad, a bheith bainte amach acu i ngach modúl agus, ar an gcaoi sin, pas a bheith faighte acu i ngach modúl cláir ag céim 1/leibhéal 5 sula mbeidh siad in ann tabhairt faoi chéim 2/leibhéal 6 den chlár ELC, agus é a chríochnú go rathúil. Ní mór do sholáthraí a bheith sásta gur bhain an foghlaimeoir amach gach ceann de na MIPLOnna sula n-iarrfar teastasú leibhéal 5 dóibh nó sula ligfear dóibh dul ar aghaidh go dtí céim 2 den chlár. Tá tábla ann ag deireadh gach modúil chun gur féidir na MIPLOnna atá bainte amach sa mhodúl a aithint go héasca agus, ar an gcaoi sin, cabhrú leis an soláthraí a dhearbhú dóibh féin go bhfuil na MIPLOnna bainte amach.

- Sa chás go bhfuil an measúnú déanta ag an an bhfoghlaimeoir an athuair, ní dhéanfar caidhpeáil ar a marcanna.

- Mura mbainfidh foghlaimeoirí leas as an deis measúnú a dhéanamh nó a chur isteach an athuair laistigh den amscála sonraithe, beidh an deis measúnaithe ligthe uathu agus seasfaidh an grád bunaidh a tugadh dóibh agus cuirfear isteach i gcóras deimhnithe QQI é mar 'U' nó 'R'.

- NÍ cheadaítear d'fhoghlaimeoirí tasc nó modúl measúnaithe a dhéanamh an athuair chun a ngrád a fheabhsú nuair atá pas faighte acu cheana féin.

- Tugtar faoin **measúnú obair-bhunaithe** (40%) le linn don fhoghlaimeoir a bheith ar shocrúchán cleachtais ghairmiúil. Ní mór an foghlaimeoir a mheas a bheith 'inniúil' sna hinniúlachtaí go léir ar a laghad uair amháin sa dá shuíomh chun pas a fháil sa mheasúnú. Is féidir a rá mar sin go bhfuil dhá dheis ag an bhfoghlaimeoir an measúnú a dhéanamh. Níl aon deis eile ann an measúnú obair-bhunaithe a dhéanamh an athuair.

9. Athbhreithniú Polasaí

Déanfaidh Aonad Tacaíochta agus Forbartha an FET athbhreithniú ar an bpolasaí gach dara bliain i gcomhar le Bainisteoirí an Chláir agus Bainisteoir an Ionaid FET.

10. Aguisíní

10.1 Aguisín 1 Cásanna ina mbeadh Measúnuithe i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige le déanamh an athuair

Is treoir iad na cásanna seo a leanas ar na forais a bheadh le hathmheasúnú ag leibhéal an mhodúil:

Cás	Le déanamh an athuair/Gan a bheith le déanamh an athuair
Éiríonn leis an bhfoghlaimeoir pas a fháil i gach measúnú i modúl agus léiríonn, mar sin, go bhfuil gach ceann de na MIPLOnna a bhaineann go príomha leis an modúl sin bainte amach acu.	Ní gá aon mheasúnú a dhéanamh arís
Baineann foghlaimeoir amach 50% carnach i modúl ach ní éiríonn leo i measúnú amháin nó níos mó. Léiríonn an foghlaimeoir, mar sin féin, tar éis gach ceann de na measúnuithe a cuireadh isteach don	Ní gá aon mheasúnú a dhéanamh arís

mhodúl sin a bheith curtha san áireamh, go bhfuil na MIPLOnna a bhaineann <u>go príomha</u> leis an modúl sin bainte amach.	
Baineann foghlaimeoir amach 50% carnach i modúl ach ní éiríonn leo i measúnú amháin nó níos mó. Níl sé léirithe ag an bhfoghlaimeoir, mar sin féin, tar éis gach ceann de na measúnuithe a cuireadh isteach don mhodúl sin a bheith curtha san áireamh, go bhfuil na MIPLOnna a bhaineann <u>go príomha</u> leis an modúl sin bainte amach.	Tá suas le 2 dheis le tabhairt don fhoghlaimeoir an measúnú/na measúnuithe ábhartha a dhéanamh nó a chur isteach an athuair le go mbeidh an foghlaimeoir in ann a thaispeáint go bhfuil an MIPLO/na MIPLOnna a bhaineann go príomha leis an modúl sin bainte amach acu.
Baineann foghlaimeoir níos lú ná 50% carnach amach i modúl.	Tá suas le 2 dheis le tabhairt don fhoghlaimeoir an measúnú/na measúnuithe ábhartha a dhéanamh nó a chur isteach an athuair le go mbeidh an foghlaimeoir in ann a thaispeáint go bhfuil an MIPLO/na MIPLOnna a bhaineann go príomha leis an modúl sin bainte amach acu.
Ní chuireann an foghlaimeoir isteach measúnú amháin nó níos mó.	Ní bheidh an rogha ann an measúnú/na measúnuithe sin a dhéanamh arís. Sa chás nach gcuirtear isteach measúnú, beidh feidhm ag polasaithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le breithniú atruach agus spriocdháta fadaithe/imthosca maolaitheacha.

10.2 <u>Aguisín 2 Amscálaí samplacha do mheasúnuithe atá le déanamh an athuair i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige</u>

Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Ba cheart éascaíocht a dhéanamh do mheasúnuithe atá le déanamh, nó le cur isteach, an athuair a luaithe is féidir ionas nach gcuirfí bac ar an bhfoghlaimeoir dul ar aghaidh chuig fostaíocht, nó chuig céim 2 den Ardteastas nó chuig cúrsa eile san earnáil breisoideachas nó ardoideachais.

Nuair atá sceideal á chur i dtoll a chéile do mheasúnuithe atá le déanamh nó le cur isteach an athuair, ba cheart a chur san áireamh go bhfuil go leor measúnuithe nasctha leis an socrúchán cleachtais ghairmiúil. Ba cheart suntas a leagan chomh maith ar an soláthar a bheith lánaimseartha nó páirtaimseartha. Seo roinnt samplaí:

Measúnú, Punann, Tionscadal, Dialann Mhachnamhach, measúnuithe ar Léiriú Scileanna:

- Déantar 2 mheasúnú an athuair le linn an chúrsa sa chás gur féidir, mar shampla le linn na bliana acadúla.
- Ba chóir an deis a thabhairt measúnú amháin, ar a laghad, a dhéanamh an athuair (an chéad athiarracht) roimh dheireadh mhí na Bealtaine laistigh den bhliain acadúil reatha.
- Más gá an dara seans a thabhairt (athiarracht dheireanach) agus nach féidir an measúnú sin a reáchtáil laistigh den bhliain acadúil reatha, ba chóir é a sceidealú laistigh den chéad dá sheachtain den Mheán Fómhair dar gcionn.

Measúnuithe scrúdaithe:

D'fhéadfaí scrúduithe atá le déanamh an athuair (nach bhfuil ach ceann amháin acu ann, sa chlár Teastas Leibhéal 5, nó i gcéim 1 den Ardteastas), a sceidealú mar seo a leanas, mar shampla:

(a) Tá an chéad athscrúdú agus an dara hathscrúdú sceidealta a bheith ann roimh dheireadh mhí na Bealtaine laistigh den bhliain acadúil reatha.

(b) D'fhéadfaí an dara athscrúdú a sceidealú laistigh den chéad choicís den Mheán Fómhair dar gcionn.

(c) Tá an chéad athscrúdú sceidealta do dheireadh Lúnasa dar gcionn. Tá an dara athscrúdú sceidealta roimh dheireadh an dara seachtain de Mheán Fómhair.

D'fhéadfaí breathnú ar na fuinneoga athmheasúnaithe mar seo a leanas:

- D'fhéadfaí fuinneog ama faoi leith, **mar shampla, seacht lá**, a thabhairt d'fhoghlaimeoirí nár éirigh leo i dtasc measúnaithe chun an tasc sin a chur isteach arís, ón uair a fuair siad an fógra faoin ngrád.
- D'fhéadfaí fuinneog ama faoi leith, **mar shampla, trí lá**, a thabhairt d'fhoghlaimeoirí nár éirigh leo nuair a rinne siad an tasc measúnaithe an athuair chun an tasc sin a chur isteach arís, ón uair a fuair siad an fógra faoin ngrád an dara huair.